

FECHTAS

TEACH MHARGADH AN FHÉIR

OIFIG 15, URLÁR 1

MARGADH NA FEIRME

BAILE ÁTHA CLIATH 7

RÁITEAS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2016

FECHTAS
FREAGRACHTAÍ AN CHOISTE CEANNAIS
BLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2016

Tá an Coiste Ceannais freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlíthe oiriúnacha agus de réir Chleachtais Chuntasaíochta Gnáthghlactha na hÉireann, ar a n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta atá eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus atá foilsithe ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

Tá iallach ar an gCoiste Ceannais ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhair gach bliana airgeadais a thugann léargas fíor cothrom ar ghnóthaí na heagraíochta agus ar fharasbarr nó ar easnamh na heagraíochta don tréimhse sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu ní foláir don choiste ceannais:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go leanúnach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- a dhearbhu ar géilleadh do chaighdeáin chuntasaíochta chuí, faoi réir ag athruithe ábhartha atá léirithe agus mínithe sna ráitis airgeadais,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an eagraíocht i mbun gnó.

Deimhníonn an Coiste Ceannais go bhfuil na riachtanais thuas comhlíonta agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

Tá an Coiste Ceannais freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choimeád a léiríonn le cruinneas réasúnta stádas airgeadais na heagraíochta ag am ar bith agus a chuireann ar a gcumas bheith deimhin de go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe i gceart. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus dá réir sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus gnóthaí cama eile a chosc agus a aimsiú.

Chomh fada agus is eol don Choiste Ceannais:

- níl aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta ann (faisnéis a bheadh ag teastáil ón iniúchóir agus é ag ullmhú a thuarascála) nach eol do iniúchóir na heagraíochta, agus
- tá gach céim glactha ag an gCoiste Ceannais a ba chóir dóibh a ghlacadh chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta agus chun a chinntiú go bhfuil iniúchóir na heagraíochta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Ar son an Choiste Ceannais

PÁDRAIGÍN NIC GHEARAILT

ÚNA NIC FHIONNLAOÍCH

8 Meán Fómhair 2017

FECHTAS

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH

DO CHOMHALTAÍ FECHTAS

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Feachtas don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2016 ar a n-áirítear an Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, an Ráiteas faoin Ioncam Uileghabhálach agus na nótaí gaolmhara ar leathanaigh 4 go 8. Is iad dlí na hÉireann agus caighdeáin chuntasaíochta ag cuimsigh an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme i bPoblacht na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe 102 (FRS102) eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus foilsithe ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann (Cleachtais Chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn) an creat tuairisciú airgeadais atá i bhfeidhm in ullmhú na ráiteas airgeadais. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi réir na bpolasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach iontu.

Is do chomhaltaí Feachtas amháin, mar chomhlacht, a dhéantar an tuarascáil seo. Chuaigh mé i mbun na hoibre iniúchta go bhféadfainn a lua le comhaltaí Feachtas na nithe sin a cheanglaítear orm a lua i dtuarascáil iniúchóra agus chun na críche sin amháin. Chomh fada agus is ceadmhach dom de réir dlí ní ghlacaim ná ní ghabhaim chugam féin freagracht do dhuine ar bith seachas do Feachtas agus do chomhaltaí Feachtas mar chomhlacht, as mo obair iniúchta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar tháinig mé orthu.

Freagrachtaí an Choiste Ceannais agus an iniúchóra faoi seach

Mar atá mínithe níos iomláine san Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Choiste Ceannais atá leagtha amach ar leathanach 1, tá an Coiste Ceannais freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais chun léargas fíor agus cothrom a thabhairt. Is é an dualgas atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairim a nochtadh orthu faoi réir dhlí na hÉireann agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchta (Éire agus An Ríocht Aontaithe). Éilíonn na caighdeáin seo go gcloífinn le Caighdeáin Eitice do Iniúchóirí an Bhoird um Chleachtais Iniúchta.

Scóp iniúchadh na ráiteas airgeadais

Áirítear, in iniúchadh, fianaise a fháil faoi na suimeanna agus nochtadh faisnéise sna ráitis airgeadais chun dóthain cinnteachta réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu calaois nó earráid ba chúis leis. Áirítear leis seo measúnú ar: cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na heagraíochta agus cé acu an gcuirtear nó nach gcuirtear na polasaithe sin i bhfeidhm go comhsheasmhach agus an nochtar go leordhóthanach iad; réasúntacht meastachán cuntasaíochta suntasacha a rinne an Coiste Ceannais; agus cur i láthair na ráiteas airgeadais. Má thagaim ar eolas faoi mhíríteas nó faoi nithe neamh-chomhsheasamhacha ábhartha déanaim na himpleachtaí do mo thuarascáil a mheas.

FECHTAS

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH **DO CHOMHALTAÍ FECHTAS** **(ar leanúint)**

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is í mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais go dtugann siad léargas fíor agus cothrom faoi réir na gCleachtas Cuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn ar ghnóthaí na heagraíochta mar a bhí ar an 31 Nollaig 2016 agus ar a toradh don bhliain a chríochnaigh ansin.

Ábhair a éilítear orm a thuairisciú

- Fuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheas mé ba ghá i gcomhair mo iniúchta.
- Is í mo thuairim gur choimeád an eagraíocht taifid chuntasaíochta chuí.
- Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.

Dáithí Ó Maolchoille

Iniúcháir Cláráithe, Cuntasóir Cairte

Sínithe ar a shon agus thar a cheann:

Dáithí Ó Maolchoille

Comhlacht Reachtúil Iniúcháireachta

75 Páirc Weston

Baile Átha Cliath D14 HW58

8 Meán Fómhair 2017

FEACHTAS

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2016

	Nóta	2016 €	2015 €
Ioncam:			
Deontas: POBAL - An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige			
- Scéimeanna Deontais Seirbhíse Óige		87,076	84,952
Imeachtaí		3,976	2,467
		<hr/>	<hr/>
		91,052	87,419
		=====	=====
Caiteachas:			
Pá agus Riarachán Ginearálta		81,432	66,739
Soláthar seirbhíse/gníomhaíochtaí		24,172	11,242
Fógraíocht agus eile		2,545	6,470
		<hr/>	<hr/>
		(108,149)	(84,451)
		<hr/>	<hr/>
(Easnamh)/barrachas na bliana	2	(17,097)	2,968
		=====	=====

RÁITEAS FAOIN IOINCAM UILEGHABHÁLACH

	2016 €	2015 €
Barrachas ag tús na bliana	26,651	23,683
(Easnamh)/barrachas na bliana	(17,097)	2,968
	<hr/>	<hr/>
Barrachas ag deireadh na bliana	9,554	26,651
	=====	=====

FEACHTAS

CLÁR COMHARDAITHE AR 31 NOLLAIG 2016

	Nótaí	2016 €	2015 €
SÓCMHAINNÍ NEAMH-REATHA			
Trealamh	3	-	-
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Féichiúnaithe		2,209	974
Airgead sa bhanc		14,062	30,348
		<hr/>	<hr/>
		16,271	31,322
DLITEANAS REATHA			
Creidiúnaithe	4	(6,717)	(4,671)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA			
		<hr/>	<hr/>
		9,554	26,651
SÓCMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAS			
		<hr/>	<hr/>
		9,554	26,651
		=====	=====
COTHROMAS			
Cuntas ioncaim agus caiteachais	2	9,554	26,651
		=====	=====

Ar son an Choiste Ceannais

PÁDRAIGÍN NIC GHEARAILT

ÚNA NIC FHIONNLAOÍCH

8 Meán Fómhair 2017

FEACHTAS

NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2016

1. POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

Gnás Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh agus faoi réir caighdeán chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn agus faoi reachtaíocht na hÉireann, Acht na gCuideachtaí 2014 san áireamh, faoi réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais infheidhme i bPoblacht na hÉireann agus san Ríocht Aontaithe (FRS 102) eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus foilsithe ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

Dímheas sócmhainní seasta

Soláthraítear dímheas ar na sócmhainní seasta go léir ag rátaí atá measta chun costas na sócmhainní, lúide luach iarmharach measta, a dhíscríobh thar an tréimhse a mbíonn siad inúsáidte ar mhodh na líne díri mar a leanas:

Trealamh Oifige agus Spóirt	20% per annum
-----------------------------	---------------

2. FOSTAITHE

Ní bhfuair fostaí ar bith sochair fostaithe €60,000 nó níos mó riamh.

3. SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE DOCHTA

	Trealamh
	€
Leabharluach	
Ag 1 Eanáir agus 31 Nollaig	18,733
	=====
Dímheas	
Ag 1 Eanáir	18,733
Muirear na bliana reatha	_____
Ag 31 Nollaig	18,733
	=====
Glanmhéid	
31 Nollaig 2016	-
	=====
31 Nollaig 2015	-
	=====

FEACHTAS

NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2016

(ar leanúint)

4. CREIDIÚNAITHE	2016	2015
	€	€
Creidiúnaithe	1,600	1,443
Cáin fostaíochta	<u>5,117</u>	<u>3,228</u>
	6,717	4,671
	=====	=====

5. IMRÉITEACH CÁNACH

Tá teastas imréiteach cánach faighte ó na Coimisinéirí Ioncaim.

6. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Ar 8 Meán Fómhair 2017 faomhadh na ráitis airgeadais ar son an Choiste Ceannais agus údaraíodh go n-eiseofaí iad.

FEACHTAS

CUNTAS OIBRIÚCHÁIN

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2016

	2016	2015
	€	€
Ioncam		
Deontas: POBAL - An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige		
- Scéimeanna Deontais Seirbhíse Óige	87,076	84,952
Imeachtaí	3,976	2,467
	<hr/>	<hr/>
	91,052	87,419
	=====	=====
Caiteachas		
Pá agus Riarachán Ginearálta:		
Tuarastail	60,343	49,539
Cíos	7,680	7,762
Rátaí	879	804
Árachas	1,736	1,283
Solas, Teas	994	880
Teileafón	2,948	2,134
Iníúchóireacht, Cuntasaíocht	1,230	923
Costais Oifige	5,092	3,137
Costais Bainc	<u>530</u>	<u>277</u>
	<u>81,432</u>	<u>66,739</u>
Soláthar seirbhíse/gníomhaíochtaí:		
Imeachtaí	16,909	2,845
Tráth na gCeist	6,243	4,291
Club	<u>1,020</u>	<u>4,106</u>
	<u>24,172</u>	<u>11,242</u>
Fógraíocht agus eile:		
Fógraíocht	1,865	92
Ballraíochtaí	680	710
Agallaimh na bhFáinní	-	515
Earcaíocht	-	336
Oiliúint	-	1,589
Dímheas: Trealamh	-	<u>3,228</u>
	<u>2,545</u>	<u>6,470</u>
	<hr/>	<hr/>
	108,149	84,451
	=====	=====
(Easnamh)/barrachas na bliana	(17,097)	2,968
	=====	=====